

RSA

Ár dTuras i dtreo Fhís an Nialais

Straitéis na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030



An Roinn Iompair
Department of Transport

VISION
ZERO





Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



An Roinn Iompair
Department of Transport

RSA



TIIV

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



HEALTH AND SAFETY
AUTHORITY

CCMA

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association



LGMA

An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government
Management Agency



An Roinn Sláinte
Department of Health



NOCA National Office of
Clinical Audit

ROYAL
COLLEGE OF
PHYSICIANS
OF IRELAND



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

CYCLING
IRELAND

Bus Éireann

Iarnród Éireann
Irish Rail



International
Transport Forum

ETSC
European Transport Safety Council

Clár na nÁbhar

Giorrúcháin	2
Réamhrá le hEamon Ryan, TD, an tAire Iompair	4
Réamhrá le Hildegarde Naughton, TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair	6
Réamhrá le Liz O'Donnell, Cathaoirleach	8
1. Achoimre feidhmiúcháin	10
2. An fáth nach foláir dúinn gníomh a ghlacadh	23
3. An chaoi ar fhorbraíomar an straitéis	32
4. An méid a insíonn ár meastóireacht dúinn	36
5. Cur chuige straitéiseach, creat agus spriocanna	41
6. Réimsí idirghabhála tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta	47
7. Ár straitéis a chur i bhfeidhm	66
8. Go hachomair: ár gcuireadh chugat	71
Tagairtí, Fonótaí agus Aguisíní	73
■ Liosta tagairtí	74
■ Liosta fonótaí	77
■ Aguisín 1: Liosta príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta	78
■ Aguisín 2: Ceanglais reachtaíochta maidir le Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais 2021–2030	79
■ Aguisín 3: Liosta na bpáirtithe leasmhara a ghlac páirt san Athbhreithniú Acmhainne Bainistíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre	87

Giorrúcháin

AABSB	athbhreithniú ar acmhainneacht bainistíochta sábháilteachta ar bhóithre
ACCT	ardchóras cúnata tiománaithe
AE	an tAontas Eorpach
AGS	an Garda Síochána
BIÉ	Bonneagar Iompair Éireann
CE	an Coimisiún Eorpach
CINIÉ	an Creat Infheistíochta Náisiúnta um Iompar in Éirinn
CLC	cúnamh luais cliste
CTO	caighdeán um thiomáint don obair
ECFE	an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
EDS	an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
ERSO	an Fhaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre
ETSC	Comhairle Sábháilteachta Eorpach an Iompair
Euro NCAP	an Clár Eorpach um Measúnú Gluaisteán Nua
INP	innéacs feidhmíochta
LBSB	an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre
MGD	marbh nó gortaithe go dona
NA	na Náisiúin Aontaithe
RA	an Ríocht Aontaithe
RI	an Roinn Iompair
RO	an Roinn Oideachais
RSG AE	Rialachán Sábháilteachta Ginearálta an Aontais Eorpaigh
SNCT	an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána
SNU	soghluaisteacht nasctha agus uathobrithe
TBG	tástáil braite guaise
TFT	táscaire feidhmíochta sábháilteachta
TRFT	Tástáil ródacmhainneachta d'fheithicil tráchtála
TROFT	táscaire riosca d'oibreoir feithicil tráchtála
TTC	teagascóir tiomána ceadaithe
ÚNI	an tÚdarás Náisiúnta Iompair
ÚSB	an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
ÚSS	an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Réamhráite



Eamon Ryan TD, an tAire Iompair

Tá dul chun cinn mór déanta ag Éirinn le fiche bliain anuas maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

Tá laghdú sa tráma bóthair tar éis teacht ó fheabhsuithe ar ár mbonneagar bóithre, ar fhorfheidhmiú, ar fheabhsuithe sábháilteachta feithiclí agus ar iompar níos sábháilte ag úsáideoirí bóithre.

Díríodh an straitéis dheireanach maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar ‘an bhearna a dhúnadh’, inar tugadh aghaidh ar an gcaoi a bhféadfadh Éire teacht le teist sábháilteachta bóithre na dtíortha a fheidhmíonn níos fearr mar an Iorua, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Cé go bhfacamar dúnadh na bearna sin, agus rangáíodh Éire mar an dara ballstát is sábháilte san Aontas Eorpach in 2019, ní féidir linn ár dtiomantas don tsábháilteacht ar bhóithre a mhaolú. Ní haon chineál dúinne é an chaoi ar cailleadh 147 beatha ar ár mbóithre, agus ar gortaíodh 1,111 duine in 2020.

Tá go leor dúshlán os ár gcomhair mar náisiún freisin. Leanfaidh tionchar na paindéime COVID-19 gan choinne air sna blianta amach romhainn. Ní féidir bagairt an athraithe aeráide ar ár ndóigh bheatha in Éirinn a mhaolú ach an oiread. Tá bóthar crua romhainn, ach is le cuir chuige straitéiseacha, comhordaithe a ghlacadh chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin a bheimid sa riocht is fearr chun torthaí a fheabhsú maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus don tír ina hiomláine.

Rachaidh Straitéis nua Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais thar na deich mbliana 2021–2030. Faightear uailmhian nua sa chroílár inti, chun Éire a threorú ionsar ‘Fís an Nialais’. Is sprioc fhadtéarmach é Fís an Nialais, a chuirfear ar fáil trí chur chuige an Chórais Shábháilte, atá dírithe ar bhásanna tráchta ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a dhíothú faoi 2050. Is dea-chleachtas idirnáisiúnta é agus ghlac an Coimisiún Eorpach leis ina Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre.

D’ainneoin an dul chun cinn suntasach maidir le sábháilteacht ar bhóithre atá bainte amach ag Éirinn le blianta beaga anuas, tá imní maidir le sábháilteacht an taistil ghníomhaigh fós coitianta agus cuirtear cosc ar go leor daoine go fóill ón siúl nó ón rothaíocht ar ár mbóithre, nó ar scoil. Is é an fhís atá agam d’Éirinn ná tír a bhaint amach ina mbraitheann úsáideoirí bóithre sábháilte agus cumhachtaithe chun dul ag siúl nó ag rothaíocht ar bhóithre na hÉireann, a sláinte a fheabhsú agus ról rithábhachtach a bheith acu i mbaint amach chuspóirí na hÉireann ó thaobh Gníomhú ar son na hAeráide de. Is croífhócas den straitéis 2021–2030 seo é an cur chuige Córais Shábháilte a leabú, rud a chinnteoidh go gcuirfear timpeallacht shábháilte ar fáil le haghaidh taistil ghníomhaigh agus go bhfuil sábháilteacht ar bhóithre ina bhfreagracht chomhroinnte ar gach gné den chóras bainistíochta tráchta, ní hamháin an t-úsáideoir bóthair aonair.

I measc roinnt de na príomh-idirghabhálacha a chuirfear ar fáil leis an straitéis seo tá infheistíocht shuntasach i soláthar bonneagair shábháilte dheighilte chun siúlóirí agus rothaithe ar ár mbóithre a chosaint, agus tionscnaimh chun aistriú córa iompair ó thaisteal mótarfheithiclí a chur chun cinn chun tacú le cuspóirí comhshaoil, sábháilteachta agus sláinte. Cuimsítear leis freisin athbhreithniú ar bheartas agus ar reachtaíocht chun tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht an tsíúil agus na rothaíochta in Éirinn, agus bealaí a shainnint chun trácht mótarfheithiclí ar ár mbóithre a laghdú. Beidh cláir ar nós Bealaí Sábháilte chun na Scoile ar thús cadhnaíochta inár n-iarrachtaí freisin. Is lena áirithiú gur féidir le leanaí dul ar scoil agus filleadh abhaile go sábháilte a dhéanfar difríocht mhór don phlódú ar ár sráideanna, do shláinte ár leanaí chomh maith le cuidiú lenár spriocanna laghdúite astaíochtaí a bhaint amach.

Caithfidh a bheith uailmhianach thar shaolré na straitéise seo. Sin é an fáth go bhfuil sprioc leagtha síos againn chun líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a ghearradh ina leath faoi 2030. Caithfidh

sí a bheith uailmhianach má táimid chun ár n-úsáideoirí bóthair uile, idir óg agus aosta a chosaint, lena n-áirítear coisithe, gluaisrothaithe, rothaithe, tiománaithe, paisinéirí agus marcaigh. Bíodh sin mar atá, tabharfar tosaíocht sa straitéis seo do shábháilteacht na ndaoine is leochailí, chun a chinntiú go gcosnaítear a gceart chun taisteal ar na bóithre go sábháilte.

Caithfidh an straitéis a bheith uailmhianach maidir le córacha nua iompair níos inbhuanaithe. Níl ann don bheartas sábháilteachta astu féin; caithfear an t-athrú sochaíoch agus éilimh shóisialta níos leithne a léiriú ann. Léirítear ábhair imní faoin athrú aeráide agus faoin ngá lenár n-iompar a athrú san fhás méadaithe sa taisteal gníomhach ar fud na hÉireann. Tá níos mó daoine ag rothaíocht, ag siúl agus ag úsáid iompar poiblí, rud a bhfuil fáilte roimhe agus a gcaithfear tacú leis inár smaointeoireacht straitéiseach maidir le sábháilteacht ar bhóithre.

Leagtar béim i gcur chuige an Chórais Shábháilte ar an ngá chun díriú ar gach gné den chóras tráchta ar bhóithre chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go rathúil. Chonaiceamar le 18 mí anuas conas is féidir linn go léir ár gcuid a dhéanamh chun gach duine a chosaint. Is trí obair i gcomhair a chéile a éireoidh ár mbóithre níos sábháilte do chách.

Le himeacht na m blianta, tá tacaíocht sheasmhach ann don tsábháilteacht ar bhóithre ó eagraíochtaí gnó, eagraíochtaí deonacha, na meáin agus an pobal. Caithfidh coinneáil orainn ag obair le chéile anois sa chaoi go sábhálfaimis níos mó beatha daoine agus go gcoiscfimis gortuithe, agus ionas go bhféadfaimis fanacht mar cheannaire agus mar eiseamláir an dea-chleachtais do thíortha eile.

Is i gcomhar a chéile a chruthóimid an t-athrú, agus bóithre níos sábháilte, don tsochaí.

“Is é an fhís atá agam d’Éirinn ná tír a bhaint amach ina mbraitheann úsáideoirí bóithre sábháilte agus cumhachtaithe chun dul ag siúl nó ag rothaíocht ar bhóithre na hÉireann.”



Hildegarde Naughton

TD, Aire Stáit sa Roinn Iompair

Ag croílár na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre seo tá an t-athrú.

Tá athrú tagtha ar an gcaoi a n-úsáidimid ár mbóithre - tá córacha nua iompair ann amhail scútair leictreacha agus rothair leictreacha atá in úsáid inniu nach raibh ann ach cúpla bliain ó shin, chomh maith le líon méadaithe daoine ag siúl agus ag rothaíocht.

Ní foláir dúinn ár nósanna smaointeoireachta faoin tsábháilteacht ar bhóithre a athchóiriú leis na hathruithe sin inár modhanna taistil a thabhairt san áireamh. Ní foláir dúinn bonneagar níos sábháilte, dearadh feithiclí níos sábháilte a sholáthar agus a chinntiú go bhfuil ár reachtaíocht sábháilteachta ar bhóithre oiriúnach don fheidhm.

Ach ní mór dúinn freisin ár ndearthaí agus ár n-iompraíocht a choigeartú lena thabhairt san áireamh nach mbaineann tosaíocht le cóir iompair amháin thar a chéile. Tá gach úsáideoir bóthair - cibé acu coisí, rothaí, duine ar scútar leictreach, tiománaí nó gluaisrothaí atá ann - i dteideal ár mbóithre a úsáid agus gan a sábháilteacht nó a mbeatha a chur i mbaol mar gheall ar iompar contúirteach daoine eile. Tiofadh béascna sábháilteachta ar bhóithre mar thoradh ar iompraíocht nua agus níos dearfaí, óna dtiocfaidh laghduithe suntasacha ar líon na ndaoine a mharófar nó a ghortófar go tromchúiseach, agus lena leagfar an bhunsraith do thodhchaí níos sábháilte dár n-úsáideoirí bóithre níos óige.

Is iad leanaí scoile úsáideoirí bóthair an lae inniu agus na todhchaí, agus is é sin an fáth a bhfuil an t-oideachas sábháilteachta ar bhóithre ina chuid thábhachtach den straitéis seo. Baineann fóiréaracht leis an gcaoi a gcuirimid oideachas agus oiliúint ar ár leanaí agus ar dhaoine óga, chun dea-nósanna sábháilteachta ar bhóithre a leabú ón tús.

Tosaíonn an t-oideachas sin le tiomantas leanaí a thabhairt chun na scoile agus abhaile ar bhealach sábháilte, mar shampla tríd an gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile.

Tá sé mar aidhm ag an gclár seo bonneagar oiriúnach a chruthú chun rogha phraiticiúil agus shábháilte a dhéanamh do theaghlach den siúl, rothaíocht agus taisteal ar scútar. Is mian linn pobail scoile a chumasú chun réitigh a chruthú le haghaidh taistil níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe chuig an scoil agus uathí, agus chun leanaí scoile a spreagadh le bheith gníomhach agus le bheith sábháilte.

Spreagfar níos mó daoine aistriú go taisteal gníomhach agus cuirfear leis an dul i ngleic leis an athrú aeráide trí áiseanna agus bonneagar siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt. Agus córacha gníomhacha iompair á gcur chun cinn bainfidimid tairbhe as leibhéil fheabhsaithe aclaíochta agus sláinte poiblí i gcomhráth le laghdú ar astaíochtaí carbóin, plódú agus úsáid feithiclí.

Tá an léirscios a chuireann bás nó gortú tromchúiseach ar bhóthar ar íospartaigh, a dteaghlach, a gcairde agus a bpobail go buan. Is mór an neart comhchoiteann a thugann grúpaí abhcóideachta íospartach in Éirinn don tsábháilteacht ar bhóithre, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh mar ghníomhairí athraithe roimhe seo agus i gcónaí, ag obair chun gach úsáideoir bóthair a chosaint agus chun teaghlach eile a chosc ó fhuilaint an mhéala atá feicthe acu.

Leagtar amach sa Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre seo na céimeanna a chaithfidimid a ghlacadh chun bóithre níos sábháilte a bhaint amach, agus soláthraíonn sí na méadrachtaí lena ndéanfaimid ár bhforás a thomhas. Mar sin féin, ní bhaineann croí na straitéise le focail ná uimhreacha ar leathanach, ach le beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc. Baineann sé le daoine. Tá an straitéis seo ann dóibh siúd go léir a úsáideann ár mbóithre, agus a bhfuil sé de cheart acu é sin a dhéanamh ar bhealach sábháilte.



“Is iad leanaí scoile úsáideoirí bóthair an lae inniu agus na todhchaí, agus is é sin an fáth a bhfuil an t-oideachas sábháilteachta ar bhóithre ina chuid thábhachtach den straitéis seo.”



Liz O'Donnell Cathaoirleach

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn thar shaolré na straitéisí sábháilteachta ar bhóithre roimhe seo. Ó seoladh an chéad Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre riamh thiar in 1998, tá laghdú beagnach 70% ar bhásanna ar bhóithre.

Ní bheifí in ann aon chuid den dul chun cinn sin a dhéanamh mura mbeadh ár bpríomhpháirtithe leasmhara ag obair le chéile ar bhealach comhordaithe straitéiseach.

Glacfar leis seo, an cúigiú Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre in Éirinn, cur chuige bunathraithe agus bunaithe ar chomhpháirtíocht maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn chun laghdú 50% a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha faoi 2030. Is ceist uile-rialtais í an tsábháilteacht ar bhóithre agus teastaíonn freagairt uile-rialtais uaithe. Chonaiceamar an chaoi ar achtaigh rialtais thar na blianta bearta trínar éirigh ár mbóithre níos sábháilte, idir chaitheamh éigeantach criosanna sábhála, íslíú teorainneacha tiomána ar meisce, pionóis a thabhairt isteach d'iompraíocht chontúirteach, bonneagar níos sábháilte agus forfheidhmiú spriocdhírith. Sábháladh beatha daoine leis na bearta sin.

Tá Clár 2020 an Rialtais tiomanta do 'Fís an Nialais' a bhaint amach – i.e. gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha ar an mbóthar – rud a bhainfidimid amach faoi 2050. Caithfear an tiomantas seo a chomhlánú le gníomh, lena gcumasófar cistiúchán, cuntasacht agus dea-rialachas. Go criticiúil, teastaíonn níos mó comhpháirtíochta agus comhoibrithe uainn chun sprioc uailmhianach Fhís an Nialais a bhaint amach.

Ní mana amháin atá i bhFís an Nialais sa tsábháilteacht ar bhóithre. Is tiomantas tromchúiseach é deireadh a chur le gach bás agus gortú tromchúiseach ar ár mbóithre. Soláthrófar Fís an Nialais trí chur chuige an Chórais

Shábháilte a leabú inár mbeartas agus inár gcleachtas náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre. Aithnítear i gcur chuige an Chórais Shábháilte cé gur féidir le hoideachas agus oiliúint sábháilteachta ar bhóithre líon na n-imbhuailtí bóthair a laghdú, ní féidir deireadh a chur leis an earráid dhaonna. Tá sé d'aidhm aige an dóchúlacht go dtarlóidh imbhuailtí a laghdú agus, chun a chinntiú má tharlaíonn imbhuailtí nach marófar ná nach ngortófar go dona na húsáideoirí bóthair lena mbaireann.

Is iad na seacht réimse idirghabhála i gcur chuige an Chórais Shábháilte seo againn:

1. Bóithre agus taobhanna bóthair sábháilte
2. Luasanna sábháilte
3. Feithiclí sábháilte
4. Úsáid bóithre shábháilte
5. Freagairt iarthimpiste
6. Modhanna taistil sábháilte agus sláintiúla
7. Úsáid shábháilte bóthair a bhaineann le hobair.

Is leis na réimsí idirghabhála seo a stiúrfar raon feidhme ár gcuid oibre, agus beidh gníomhaíochtaí faoi gach ceann de na ceanteidil seo áirithe i ngach plean gníomhaíochta. Is le cur chun feidhme na seacht réimse idirghabhála tosaíochta seo de chur chuige an Chórais Shábháilte atáimid ag soláthar an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Tá ról lárnach le feidhmiú ag an bpobal maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach. Chuamar i mbun próiseas comhairliúcháin phoiblí i bhforbairt na straitéise seo, agus fuaireamar os cionn 2,000 aighneacht. Chabhraigh an pobal le múnlú a dhéanamh ar an gcaoi a mbeimid ag tabhairt aghaidh ar an tsábháilteacht ar bhóithre sna deich mbliana amach romhainn, agus teastaíonn uainn go nglacfaidh gach úsáideoir bóthair a pháirt i gcónaí a ghlacadh chun Fís an Nialais a bhaint amach.

Má bhíonn dúshlán sábháilteachta bóthair ann, is amhlaidh a bheidh deiseanna ann, ar ndóigh. Leanaimid orainn ag feiceáil dul chun cinn i gcaighdeáin

sábháilteachta feithiclí agus uathobriú, dul chun cinn lena gcosnófar tiománaithe, paisinéirí agus úsáideoirí eile bóithre. Ní mór dúinn a chinntiú go gcoinníonn déantúsóirí an tsábháilteacht mar thosaíocht i ndearadh agus i dtógáil gach feithicle nua.

Mar cheannaire Eorpach sa tsábháilteacht ar bhóithre, tá deis ag Éirinn ár dtaithí a úsáid chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú go hidirnáisiúnta. Trí rialacháin agus reachtaíocht nua fhianaisebhunaithe a thabhairt isteach, sa bhaile agus ar leibhéal an Aontais araon, beidh an deis againn tionchar a fheidhmiú ar bheartas agus dul i ngleic le básanna ar bhóithre ar fud an domhain. Ní mór dúinn freisin ár gcomhoibriú agus ár gcomhar le tíortha eile a dhoimhniú chun foghlaim ó thaithí idirnáisiúnta agus ón dea-chleachtas, lena gcuimsítear na nuálaíochtaí agus an taighde is déanaí chun ár gcuid saothair a fheabhsú a thuilleadh agus ár spriocanna uailmhianacha a bhaint amach.

Chun básanna nó gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a chosc, ní mór dúinn leanúint de dhul i ngleic leis an tsábháilteacht ar bhóithre go straitéiseach agus i gcomhar a chéile. Beidh sé dúshlánach, ach is féidir é a bhaint amach le hinfheistíocht agus le tacaíocht ó na leibhéil cheannaireachta is airde, chuig leibhéal an phobail áitiúil.

Is féidir básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú 50% sna deich mbliana amach romhainn. Beidh gnóthú Fhís an Nialais faoi 2050 indéanta. Is féidir linn é a réadú. I bhfianaise ár dturais sábháilteachta ar bhóithre go nuige seo, níl aon sprioc ann a bheidh ró-uailmhianach dúinn. Cuirtear tús leis má aithnítear nár cheart go mbeadh básanna ar bhóithre ná gortuithe tromchúiseacha mar an praghas le híos as ár soghluaisteacht.

“Ní mana amháin atá i bhFís an Nialais sa tsábháilteacht ar bhóithre. Is tiomantas tromchúiseach é deireadh a chur le gach bás agus gortú tromchúiseach ar ár mbóithre.”

1.

Achoimre Feidhmiúcháin

Forbraíodh é seo, an cúigiú Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid rialtas na hÉireann, le linn cúinsí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Agus ár dtosaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre á mbreithniú againn do na chéad deich mbliana eile, aithnímid na buntáistí a bhaineann lena n-ailíniú le príomhthosaíochtaí eile an rialtais, lena n-áirítear sláinte, dícharbónúchán, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, agus téarnamh eacnamaíoch.

Beidh sé ríthábhachtach cur chuige straitéiseach, comhordaithe agus il-earnála a ghlacadh maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre ar fud an rialtais agus príomhpháirtithe leasmhara chun Éire níos sábháilte agus níos fearr a bhaint amach do chách.

Dul chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre

Taobh thiar de gach staitistic maidir le bás agus gortú tromchúiseach ar ár mbóithre faightear daoine, teaghlaigh agus pobail.

Is tubaisteach iad na costais dhaonna na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre, costas atá i bhfad níos measa i bhfianaise na hinchoisctheachta a bhaineann le móramh na mbásanna agus na ngortuithe sin. Is suntasach freisin iad costais airgeadais na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre in Éirinn, agus déantar meastachán ar an gceann caol de go raibh an geilleagar €1.29 billiún ní ba mheasa as in 2019 dá mbarr.

Tá feabhas mór tagtha ar fheidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann ó ghlacamar ár gcéad Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre thiar in 1998. Mar thoradh ar ár straitéis dheireanach (2013–2020) ghnóthaigh Éire an líon ba lú básanna bóthair bliantúla ó cuireadh tús leis na taifid (137 in 2018), agus an dara ráta ab ísle básanna ar bhóithre san Aontas Eorpach (AE) in 2019 (28 in aghaidh an mhilliúin daonra).¹ An bhliain chéanna sin, bronnadh Gradam Innéacs Feidhmíochta Sábháilteachta ar Bhóithre na Comhairle Eorpaí um Shábháilteacht Iompair (ETSC) orainn mar aitheantas ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le básanna úsáideoirí bóithre a laghdú le deich mbliana anuas.

In ainneoin an dul chun cinn mhaith seo, áfach, tá roinnt dúshlán fós romhainn. Tháinig méadú ar fhigiúirí do ghortuithe tromchúiseacha le linn straitéis 2013-2020, agus cé gur ghnóthaíomar laghdú 9% ar bhásanna le linn na tréimhse sin, níor baineadh amach ár sprioc chun básanna a laghdú go 124 bás in aghaidh na bliana faoi 2020.²

Bhí easpa dul chun cinn ann go háirithe maidir le básanna rothaithe agus coisithe a laghdú. Lean leitheadúlacht roinnt


iompraíochta contúirtí úsáideoirí bóthair (m.sh., luas) in ainneoin ár n-idirghabhálacha, agus tá éiginnteachtaí ann fós maidir le tionchair mharthanacha na paindéime COVID-19 ar ár bpatrúin taistil.

D'fhonn cuspóirí náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh, ní mór dúinn aistriú córacha a chur chun cinn (.i. ár gcóiracha iompair a athrú) i dtreo taisteal poiblí agus gníomhach, agus dícharbónúchán mótarfheithiclí na hÉireann, agus sábháilteacht a fheabhsú agus a chinntiú d'úsáideoirí bóithre leochaileacha, go háirithe do rothaithe agus do choisithe.

Is eol dúinn go n-éiríonn le cur chuige straitéiseach don tsábháilteacht ar bhóithre, agus is lenár straitéis 2021–2030 táimid ag iarraidh laghduithe níos mó a bhaint amach ná riamh. Chuige sin, ní foláir dúinn cur chuige claochlaitheach a ghlacadh don bheartas, cleachtas agus rialachas maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn, mar fhreagairt lánrialtais do na dúshláin sin. Ciallaíonn sé seo go leanfar ar aghaidh lenár n-idirghabhálacha dea-chleachtas ach freisin ár ngníomhaíochtaí a leathnú agus a neartú thar na cuir chuige thraidisiúnta don tsábháilteacht ar bhóithre (m.sh., fócas níos mó ar bhonneagar sábháilte agus ar fhreagairt iarthimpiste). Ciallaíonn sé freisin go ndéanfar nuáil inár gcur chuige do rialachas na sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn agus sa chaoi a ndéanaimid tionchar ár ngníomhaíochtaí a sholáthar agus a ndéanaimid faireachán orthu.

Oibreoidimid ar fud an rialtais, agus saothróimid an t-ailíniú le príomhbheartais eile (m.sh., gníomhú ar son na haeráide) chun torthaí tairbhiúla a uasmhéadú don tsábháilteacht ar bhóithre. Cuimseofar lenár gcur chuige níos mó comhpháirtíochta - ag saothrú le pobail agus le heagraíochtaí, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Chonacthas le linn ár straitéise roimhe seo (2013-2020) Éire ag baint amach a líon básanna bóthair ab ísle ó cuireadh tús leis na taifid; 137 in 2018



Forbairt straitéise

Chun Straitéis bhunathraithe 2021–2030 um Shábháilteacht ar Bhóithre a tháirgeadh, ghlac an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) páirt i bpróiseas fairsing forbartha i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara (féach Fíor 1.1).

Bhí sraith cur chuige dea-chleachtais i gceist leis seo, lena n-áirítear athbhreithniú ar acmhainneacht bainistíochta sábháilteachta ar bhóithre (RSMCR) agus próiseas comhairliúcháin domhain le páirtithe leasmhara.



Cur chuige straitéiseach

Chuir torthaí an phróisis forbartha straitéise tacaíocht chomhsheasmhach ar fáil chun straitéis 2021–2030 a chumadh de réir chur chuige iomlánaíoch an Chórais Shábháilte i leith bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre.

Aithníodh cur chuige an Chórais Shábháilte mar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus tá sé lárnach chun laghdúithe uailmhianacha a bhaint amach i mbásanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha.

Tá cur chuige an Chórais Shábháilte bunaithe ar cheithre phrionsabal (An Fóram Iompair Idirnáisiúnta [ITF], 2016):

Déanann daoine botúin nuair a úsáideann siad na bóithre, ónar féidir imbhuailtí teacht.

Tá **cumas teoranta** i gcorp an duine chun tuairteanna ó imbhuailtí a fhulaingt.

Tá **freagracht chomhroinnte** orthu siúd a dhearann, a thógann, a bhainistíonn agus a úsáideann na bóithre agus na feithiclí chun tuairteanna ó imbhuailtí a chosc nó a laghdú, agus iad siúd a chuireann freagairt iarthimpiste ar fáil chun díobháil a mhaolú.

Is gá gach cuid den chóras tráchta a neartú chun a n-éifeacht a iolrú agus chun a chinntiú go gcosnaítear úsáideoirí bóithre má theipeann ar chuid amháin den chóras.

Maidir le straitéis 2021–2030, sainaithníodh seacht réimse idirghabhála tosaíochta don Chóras Sábháilte, agus tugtar thíos ár n-aidhm do gach ceann díobh sin:

- **Bóithre sábháilte agus taobhanna bóthair**
Chun cáilíocht chosantach ár mbóithre agus ár mbonneagair a fheabhsú.
- **Luasanna sábháilte**
Luasanna a laghdú go leibhéal shábháilte oiriúnacha do na bóithre á n-úsáid, agus do na húsáideoirí bóithre a úsáideann iad.
- **Feithiclí sábháilte**
Gnéithe sábháilteachta agus ródacmhainneacht feithiclí ar ár mbóithre a fheabhsú.
- **Úsáid shábháilte bóithre**
Caighdeán agus iompraíocht úsáideoirí bóthair a fheabhsú i gcomhréir leis an reachtaíocht tráchta, le tacaíocht ó fhorfheidhmiú.
- **Freagairt iarthimpiste**
Chun cóireáil agus athshlánú na dtaismeach imbhuailtí a fheabhsú.
- **Cóiracha taistil sábháilte agus sláintiúla**
Úsáideoirí bóthair atá ag gabháil don iompar poiblí nó gníomhach a chur chun cinn agus a chosaint.
- **Úsáid shábháilte bóithre a bhaineann le hobair**
Bainistíocht sábháilteachta ar thurais a bhaineann leis an obair a fheabhsú.

Is tríd an nglacadh le cur chuige an Chórais Shábháilte agus trína leabú go hiomlán ar fud comhpháirteanna agus comhpháirtithe uile an chórais tráchta a ligfear dúinn ár mbeartas agus ár gcleachtas a chlaochlú thar na hidirghabhálacha traidisiúnta sábháilteachta ar bhóithre agus laghdúithe níos mó a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha ná riamh. Áireofar leis sin freisin ailíniú le príomhbheartais idirnáisiúnta sábháilteachta ar bhóithre, mar shampla Dearbhú Stócólm (Sábháilteacht ar Bhóithre sa tSualainn, 2020).

Creat straitéiseach 7 spriocanna

Spreagadh a thabhairt don ghlacadh lenár gcur chuige Córais Shábháilte agus leis an mbonn taca faoinár straitéis 2021–2030 is ea sprioc fhadtéarmach na hÉireann chun Fís na Nialais a ghnóthú (.i. básanna nó gortuithe tromchúiseacha nialasacha ar bhóithre) faoi 2050.

Glacadh Fís an Nialais go foirmiúil i gClár Rialtais na hÉireann in 2020 agus tá sé mar bhonn agus taca faoi Chreat Beartais Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais Eorpaigh (2021–2030).

Chun a chinntiú go mbainfear amach an sprioc fhadtéarmach seo, agus mar léiriú ar an gcur chuige bunathraithe maidir le beartas, cleachtas agus rialachas na sábháilteachta ar bhóithre atá á gcur chun feidhme sa straitéis 2021–2030, **shocraigh Éire sprioc chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú 50% faoi 2030**, i gcomhréir leis an Aontas Eorpach.³

Tá meánfhigiúirí 2017–2019 maidir le básanna agus gortuithe tromchúiseacha á n-úsáid mar bhonnlinnte sprice.

Faoi 2030



bainfimid amach **laghdú 50% ar líon na mbásanna** ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 144 **go 72 nó níos ísle**



bainfimid amach **laghdú 50% ar líon na ndrochghortuithe** ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 1,259 **go 630 nó níos ísle**

Chun na spriocanna 2030 seo a bhaint amach, ní mór dúinn ár bhfeidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre a mheas ar bhonn rialta, in éineacht le tagarmharcáil leanúnach, agus gníomhú go tapa i gcás ina dtugann na sonraí le fios go gcaithfimid tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh. Chun é seo a bhaint amach, tá 15 phríomhtháscaire feidhmíochta sábháilteachta (PFSanna) forbartha againn ar aon dul le dea-chleachtas an Aontais Eorpaigh chun na tosca aitheanta a théann i bhfeidhm ar bhás agus gortú tromchúiseach a thomhas agus a rianú, mar shampla neamh-chaitheamh criosanna sábhála agus luas (féach Aghuisín a hAon).

Chun a chinntiú go leanfaidh na hidirghabhálacha agus na gníomhaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre a rinneadh do straitéis 2021–2030 de bheith éifeachtach agus na nuálaíochtaí agus na forbairtí is déanaí sa réimse á n-ionchorprú, beidh **trí chéim de phleananna gníomhaíochta** sa straitéis 2021–2030.

■ Céim a hAon 2021-2024:

■ Céim a Dó 2025-2027:

■ Céim a Trí 2028-2030:

Forbraíodh plean gníomhaíochta Chéim a hAon (2021–2024) agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSB. Liostaítear sa phlean an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as gach gníomh a chur chun feidhme.

Le tuilleadh monatóireachta a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht le linn na céime seo, táimid ag leagan síos spriocanna eatramhacha do 2024 freisin. Bunaithe ar an gclár idirghabhálacha a leagtar amach i bplean gníomhaíochta Chéim a hAon, agus ar threochtaí reatha agus stairiúla, socraíodh na spriocanna seo a leanas.

Faoi 2024



bainfimid amach **laghdú 15%** ar líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 144 go **122 nó níos ísle**



bainfimid amach **laghdú 10%** ar líon na ndrochghortuithe ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 1,259 go **1,133 nó níos ísle**

Forbrófar plean gníomhaíochta agus spriocanna eatramhacha breise do Chéim a Dó agus Chéim a Trí sna sé mhí dheireanacha den chéim roimhe sin, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le déanaí, treochtaí atá ag teacht chun cinn agus tagarmharcanna ábhartha.

Cuimseoidh gach plean gníomhaíochta sraith beart ardtionchair lena laghdófar go díreach básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha, agus lena dtacófar le gníomhaíochtaí chun éifeachtacht na ngníomhartha ardtionchair agus sábháilteachta ar bhóithre a fhorlónadh agus a fheabhsú ar bhonn níos leithne.

Cuirtear achoimre dár gcreat straitéiseach i láthair i bhFíor 1.2.

VISION ZERO

Faoi 2050 is amhlaidh nach bhfaighidh duine ar bith bás ná nach mbainfear gortú tromchúiseach dóibh ar bhóithre na hÉireann.

**CUR
CHUIGE AN
CHÓRAIS
SHÁBHÁILTE**

Straitéis 2021-2030



**Bóithre agus
Taobhanna
bóthair
sábháilte**



**Luasanna
Sábháilte**



**Feithiclí
Sábháilte**



**Úsáid Shábháilte
na mBóithre**



**Freagairt
Iarthimpiste**



**Modhanna
Taisil Sábháilte
agus Sláintiúla**



**Úsáid
Shábháilte
Bóithre
don Obair**

15 THÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

2021-2024

Plean Gníomhaíochta Chéim 1

2025-2027

Plean Gníomhaíochta Chéim 2

2028-2030

Plean Gníomhaíochta Chéim 3

2030

Laghdú 50%
ar líon na mbásanna
agus na
ndrochghortuithe


**2050 Fís an
Nialais**

**0 bás agus
0 drochghortú**

Fíor 1.2

Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais
2021-2030

Tugtar achoimre ar na 50 gníomh ardtionchair do phlean gníomhaíochta Chéim a hAon 2021-2024 faoi gach ceann de na seacht réimse idirghabhála tosaíochta Córais Shábháilte thíos.



Bóithre agus Taobhanna bóthair sábháilte

- Táscaire rátála sábháilteachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme don bhonneagar bóithre náisiúnta.
- 60 scéim feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre a sheachadadh ar an meán agus ceithre mhionscéim ailínithe a mhaoiniú ar bhóithre náisiúnta in aghaidh na bliana.
- Fad na mbóithre roinnte a mhéadú ar an bpríomhghr easán náisiúnta.
- 150 scéim sábháilteachta ar chostas íseal agus ceithre scéim sábháilteachta ar a íosmhéid a chur chun feidhme ar fud an ghréasáin bóithre réigiúnacha agus áitiúla in aghaidh na bliana.
- Le linn 2021–2025, 1,000 km de shaoráidí siúlóide agus rothaíochta deighilte a thógáil chun socruithe sábháilte rothaíochta agus siúlóide a sholáthar d'úsáideoirí de gach aois.

Luasanna sábháilte

- Meitheal a bhunú chun an creat do shocrú luasteorainneacha a iniúchadh agus a athbhreithniú, lena n-áirítear teorainneacha 30ksu a thabhairt isteach mar an réamhshocrú i gceantair uirbeacha.
- Tascfhórsa a bhunú chun sonraí agus faisnéis maidir le luas a chomhroinnt, moltaí a dhéanamh agus bearta sábháilteachta a chur chun feidhme.
- Bearta bainistíochta luais a leathnú ar an ngréasán bóithre, m.sh., ceamaraí meánluais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an líonra ceamaraí sábháilteachta soghluaiste chun a éifeachtúlacht a uasmhéadú.
- Oideachas poiblí a sholáthar maidir le luas mí-oiriúnach agus iomarcach i gcomhar le gníomhaíocht forfheidhmithe an Gharda Síochána (AGS), le béim ann ar úsáideoirí leochaileacha bóithre a chosaint.

Feithiclí Sábháilte

- Tosaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí tarrthála a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta Sábháilteachta (RGS).
- Straitéis náisiúnta a fhorbairt chun soghluaisteacht nasctha agus uathoibríthe (SNU) a thabhairt isteach.
- Triail a dhéanamh ar iarfheistiú ardchórais cúnta tiománaithe (ACCT) le grúpaí úsáideoirí bóithre roghnaithe.
- Clár cumarsáide a fhorbairt chun eolas agus tionchar a fheidhmiú ar an bpobal agus ar pháirtithe leasmhara maidir le feithiclí nua agus feithiclí athúsáidte a cheannach.
- Oibriú le Insurance Ireland chun taighde a fhoilsiú ar thionchar na teicneolaíochta bosca dhuibh ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus chun a glacadh a chur chun cinn.



Úsáid Shábháilte na mBóithre

- Leanúint le forfheidhmiú na bpríomhchionta tarrthála, cuir i gcás luas, tiomáint ar seachrán airde, gan criosanna sábhála a chaitheamh agus tiomáint ar meisce.
- Leanúint ar aghaidh ag coinneáil coirpigh ó úsáid an ghréasáin bóithre trí phóilíneacht shofheicthe agus oibríochtaí forfheidhmithe faoi threoir faisnéise.
- Clár reachtaíochta tras-eagraíochta a chomhaontú chun an reachtaíocht is gá le haghaidh ghníomhartha na straitéise a thabhairt isteach.
- Na hacmhainní riachtanacha agus an bealach a shainnítear chun reachtaíocht maidir le trácht ar bhóithre a chomhdhlúthú.
- Sásra a fhorbairt chun sonraí bliantúla a ghabháil faoi thosca rannpháirteacha (e.g. ábhair mheisciúla) d'imbhuailtí ina ngintear gortuithe tromchúiseacha.
- Feachtais oideachais/feasachta poiblí a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an AGS a dhírítear ar na príomhthosca cúiseacha le haghaidh imbhuailtí, básanna agus gortuithe tromchúiseacha agus a dhírítear ar ghrúpaí ardriosca.
- Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun feasacht a mhúscailt faoi Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre nua an rialtais, Córas Sábháilte agus Fís an Nialais.
- Meitheal a bhunú chun moltaí a thabhairt maidir le clár idirghlasála alcóil a chur i bhfeidhm ar chiontóirí tiomána faoi mheisce, le tacaíocht ó chúrsa athshlánaithe ó thiomáint faoi mheisce.
- Tástáil lagaithe ag an AGS a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir an dea-chleachtais.
- Figiúirí míosúla a fhoilsiú le haghaidh gníomhaíochta forfheidhmithe ag díriú ar luas, neamh-chaitheamh criosanna sábhála agus úsáid fón póca, agus figiúirí maidir le líon na dtástálacha anála agus drugaí a riartar chomh maith leis na torthaí.
- Acmhainneacht póilíneachta bóithre thiomnaithe a choinneáil agus tuairisciú go bliantúil ar líon na nGardaí a shanntar d'aonaid phóilíneachta bóithre ar bhonn réigiúnach.
- Deireadh a chur le minicíocht tiománaithe ceadúnais foghlaimeora gan tionlacan, agus líon na dtiománaithe gluaisteáin foghlaimeora ag a bhfuil an tríú ceadúnas foghlaimeora nó ina dhiaidh sin a laghdú.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tástáil braite guaiseacha (TBG) a thabhairt isteach agus í a chomhtháthú leis an tástáil teoirice tiománaí.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht do thairseach ar líne le haghaidh úsáideoirí bóithre le scannánaíocht a uaslódáil de chionta tráchta chun cabhrú le hionchúisimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na pionóis i leith cionta tráchta bóithre tromchúiseacha (e.g., tiomáint lagaithe).
- Reachtú do smachtbhannaí méadaithe maidir le húsáid ildrugaí agus alcóil le linn tiomána.
- Forfheidhmiú pointí pionóis a chuíchóiriú agus a uathoibriú ó ghabháil ar thaobh an bhóithre.
- Trí shainghrúpa cumasaithe clár (cistiú, sonraí agus reachtaíocht) a bhunú ar bhonn píolótach i gCéim 1 den Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre chun tacú le seachadadh idirghabhála agus chun dul chun cinn a luathú ar leibhéal oibríochtúil.



Freagairt Iarthimpiste

- Prótacal triáise agus atreoraithe tráma agus sa bhunú agus a chur chun feidhme sa chóras tráma.
- A chinntiú go bhfuil an tsainfhoireann cúraim tráma i bhfeidhm san ospidéal a fhaigheann an tráma.
- A chinntiú go bhfuil bealaí cinntitheacha cúraim tráma agus athshlánaithe i bhfeidhm nuair a bheidh an t-othar ón imbhualladh tráchta bóthair cobhsaithe.
- Cúram agus tacaíocht mhothúcháinach agus shíceolaíoch a sholáthar d'íospartaigh, do theaghlaigh agus d'fhoirne freagartha éigeandála.
- Iniúchadh a dhéanamh ar ról an oifigigh idirchaidrimh teaghlaigh maidir le tacaíocht agus soláthar faisnéise d'íospartaigh agus do theaghlaigh.



Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla

- Plean Líonra Rothaíochta Náisiúnta a fhorbairt don rothaíocht agus siúlóide tuaithe idirchathrach, agus plean forfheidhmithe le seachadadh i gCéimeanna a Dó & a Trí.
- Leanúint le scéim bhonneagair taistil ghníomhaigh a chur chun feidhme d'údaráis áitiúla.
- Aistriú córacha a spreagadh chun tacú le cuspóirí comhshaoil, sábháilteachta agus sláinte.
- Clár oiliúna leathnaithe maidir le Rothaíocht Cheart a chur chun cinn agus tacú leis.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus ar reachtaíocht tráchta ar bhóithre chun tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht siúlóide agus rothaíochta.
- Cás-staidéar a dhéanamh ar thíortha inar glacadh sásraí leis an trácht a laghdú agus moltaí a dhéanamh i gcás na hÉireann.



Úsáid Shábháilte Bóithre a bhaineann leis an Obair

- Prótacal a fhorbairt, arna thacú ag an reachtaíocht, chun ligean do chomhroinnt faisnéise agus sonraí idir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS), AGS agus an ÚSB d'fhonn neamh-chomhlíonadh a shainaitint.
- Cumhachtaí forfheidhmithe feabhsaithe a fhorbairt, lena n-áirítear muirir sheasta, d'oifigigh iompair AGS agus ÚSB chun déileáil le feithiclí tráchtála.
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar fud gach earráil den phobal, agus síniú le Cairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre a spreagadh.
- Caighdeán deonach tiomána don obair agus clár oiliúna a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a sheachadadh i gcomhar leis an tionscal agus le fostóirí.
- Comhstraitéis idirghabhála náisiúnta a fhorbairt maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann leis an obair.
- Staidéar féidearthachta a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le scéim aitheantais thuille a thabhairt isteach d'oibreoirí feithiclí tráchtála.

Seachadadh, rialachas agus tosca rathúlachta criticiúla

D'fhonn ár spriocanna uailmhianacha laghdaithe 50% ar líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha a bhaint amach faoi 2030, ní mór dúinn ár gcur chuige i leith oibriú comhpháirtíochta a nuáil agus a athrú agus an chaoi a mbainistimid seachadadh agus rialachas na straitéise nua seo.

Tá comhfhreagracht ar fud gach cuid den chóras bainistíochta tráchta ar cheann de príomhphrionsabail bhunúsacha de chur chuige an Chórais Shábháilte. Cé go bhfuil príomhghníomhaireachtaí freagrach as a gcuid gníomhartha aonair a chur i gcrích, roinnfear an fhreagracht as cur chuige an Chórais Shábháilte a chur i bhfeidhm ar fud an bheartais agus an chleachtais sábháilteachta ar bhóithre ar fud na bpríomhpháirtithe leasmhara agus ar fud an rialtais.

Ailíneofar an straitéis seo freisin le beartas an rialtais i bpríomhréimsí eile lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht, taisteal gníomhach agus cúram tráma. Aithnítear inti na hidirspleáchais idir gníomhaireachtaí agus gníomhartha, agus glactar inti cur chuige uile-rialtais i leith sábháilteachta ar bhóithre.

Tá roinnt tosca rathúlachta criticiúla ann, a bhraitheann ar pháirtithe leasmhara agus ar an rialtas, lena gcumasófar baint amach ár spriocanna 2030. Ina measc siúd tá:

- tiomantas polaitiúil a bheidh lárnach i rathúlacht na straitéise seo;
- beartas agus reachtaíocht bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go tráthúil;
- comhroinnt sonraí go tráthúil agus go héifeachtúil agus úsáid tagarmharcála ar fud na bpríomhpháirtithe leasmhara;
- nuálaíocht sa chaoi a ndéanaimid ár n-idirghabhálacha a dhearadh, agus ár gcur chuige i leith oibriú comhpháirtíochta;
- cistiú bunriachtanach a sholáthar chun sochair a réadú;
- bonneagar sábháilte deighilte a sholáthar chun aistriú córacha i dtreo taistil ghníomhaigh a éascú;
- athrú iompraíochta mar gheall ar idirghabhálacha forfheidhmithe, oideachas agus oiliúint;
- oibriú comhpháirtíochta tiomnaithe le dea-rialachas agus cuntasacht;
- tacaíocht an phobail agus na meán dár n-idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí.


Mura mbaintear amach na tosca rathúlachta criticiúla sin, is dócha go gcuirfidh siad bacainní suntasacha ar dhul chun cinn maidir leis an straitéis agus lenár bhfeidhmíocht fhoriomlán sábháilteachta ar bhóithre. Mar shampla, tá spleáchais ann maidir le forbairt na reachtaíochta príomha agus na reachtaíochta tánaistí (féach Aguisín a Dó) chun tacú le rogha de ghníomhartha ardtionchair agus tacaíochta Chéim 1 agus chun éascú dóibh.

An tiomantas chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun gníomhartha na straitéise a sheachadadh, i gcomhréir leis an ráiteas ar acmhainní a chuir na príomhghníomhaireachtaí isteach; beidh sé

ríthábhachtach freisin chun an laghdú 50% ar líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha a bhaint amach. Bainfidh ríthábhacht freisin le comhroinnt éifeachtach sonraí idir comhpháirtithe straitéiseacha.

Mar chuid dár gcur chuige bunathraithe maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid na riachtanais seo agus ar deireadh ár spriocanna 2030, tá struchtúr láidir rialachais tras-rialtais deartha againn (féach Fíor 1.3), arna mhaoirsiú ag coiste aireachta maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

Struchtúr rialachais



Fíor 1.3. Struchtúr rialtais do Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais 2021–2030



Bunófar grúpa oifigeach sinsearach (GOS) chun tuairisciú chuig an gcoiste aireachta maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre, ar a mbeidh an Coimisinéir Cúnta ón AGS, Príomhfheidhmeannaigh agus Rúnaithe Cúnta ó na príomhghníomhaireachtaí seachadta. Athbhreithneoidh an grúpa seo, déanfaidh siad moltaí agus tabharfaidh siad nuashonruithe ráithiúla ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta don choiste, mar a sholáthraíonn na príomhghníomhaireachtaí atá freagrach as na gníomhartha a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an SOG plé air agus tabharfaidh comhairle don choiste maidir le príomhthreochtaí agus forbairtí sábháilteachta ar bhóithre le linn tréimhse na straitéise.

Beidh an ÚSB i gceannas ar chomhordú na straitéise thar ceann an rialtais, lena n-áirítear pleanáil straitéise, an cistiú riachtanach agus na hacmhainní riachtanacha a aithint chun idirghabhálacha a sheachadadh go tráthúil, faireachán, tagarmharcáil agus tuairisciú ar réadú sochar. Áireofar ar phríomhfhreagrachtaí an ÚSB comhdháil bhliantúil torthaí a óstáil ina gcuirfear dul chun cinn

sábháilteachta ar bhóithre i láthair príomhpháirtithe leasmhara, monatóireacht agus tuairisciú ar ár SPLanna straitéise, agus na pleananna gníomhaíochta do gach céim a mheastóireacht agus a dheardh.

Bunóidh an ÚSB, le comhaontú an SOG tras-rialtais, trí shainghrúpa, ar a dtugtar cumasóirí cláir, ar shonraí, ar chistiú agus ar reachtaíocht. Is é ról na ngrúpaí seo saineolas, treoir, tagarmharcanna agus saineolas a sholáthar chun dlús a chur le dul chun cinn ar leibhéal oibríochta. Sainithneoidh siad bealaí freisin chun constaicí ar dhul chun cinn a shárú chun tacú le cur chun feidhme na straitéise thar ceann an SOG.

Baineadh amach éachtaí sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn go dtí seo mar gheall ar thiomantas agus dúthracht ár bpáirtithe leasmhara, pobail agus rialtais na hÉireann. Tugaimid cuireadh duit a bheith linn anois agus muid ag obair le chéile chun na deich mbliana is sábháilte in Éirinn a bhaint amach ar na bóithre fós, agus dul ar ár dturas i dtreo Fhís an Nialais.

2.

**An fáth nach foláir
dúinn gníomh a
ghlacadh**

Costais na n-imbhuailtí tráchtá ar bhóithre

Taobh thiar de gach staitistic maidir le bás agus gortú tromchúiseach ar ár mbóithre faightear daoine, teaghlaigh agus pobail. Ní féidir cur síos a dhéanamh ar an mbrón a tharla tar éis imbhuailtí marfach.

Is eispéireas mór trámach é cailliúint thobann duine mhuinteartha ar ár mbóithre, agus braitear a éifeachtaí thar shaolré duine. Caithfear aitheantas a thabhairt do phian agus fulaingt na ndaoine a gortaíodh go dona freisin. In an iomarca cásanna, bíonn iarmhairtí tubaisteacha ar feadh an tsaoil ag na gortuithe seo, lena n-athraítear saol an duine a gortaíodh agus na ndaoine a thugann aire dóibh.

In 2020, in ainneoin na laghduithe ar thaisteal mar gheall ar phaindeim COVID-19, fuair 147 duine bás agus gortaíodh 1,111 duine go dona in imbhuailtí ar bhóithre na hÉireann.⁴ Cé gur feabhas iad na figiúirí seo i gcomparáid le blianta áirithe roimhe seo le linn straitéis 2013–2020 (m.sh., fuair 155 duine bás in 2017), is costas daonna doghlactha ard é seo.

Éiríonn an costas seo níos dosháraithe fós leis an dóigh go raibh na básanna agus na gortuithe seo, go leor acu de bharr tiomáint faoi mheisce nó faoi dhruaí, ag tiomáint ar luas iomarcach, faoi thuirse, ar seachrán airde nó neamhchaitheamh criosanna sábhála nó clogad.

Is costais shuntasacha freisin iad costais shochoaíocha níos leithne de bharr imbhuailtí tráchtá ar bhóithre. In 2019, measadh go raibh costas d'imbhuailtí marfach ag € 3.12 milliún, agus measadh go raibh costas d'imbhuailtí díobhála tromchúisí ag € 447,384.⁵ Meastar go coimeádach go raibh an geilleagar €1.29 billiún ní ba mheasa as in 2019 de dheasca imbhuailtí tráchtá ar bhóithre in Éirinn. Agus é seo á chur i gcomhthéacs, is

ionann an costas a bhaineann leis an líonra iomlán bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla in Éirinn a chothabháil, chomh maith le scéimeanna nua bóithre a thógáil, agus € 1.3 billiún in 2021.

Is minic go mbíonn sainchúram agus athshlánú de dhíth ar othair a bhfuil gortuithe tromchúiseacha acu i suíomhanna géarchúraim agus iar-ghéarchúraim, ag cur leis an éileamh ar chóras sláinte atá ag feidhmiú cheana féin ag a lánacmhainneacht. Ina theannta sin, is féidir leis na rioscaí a bhraitear i ndáil le himbhualtí tráchtá ar bhóithre cosc a chur ar rannpháirtíocht i gcóiracha iompair níos inbhuanaithe (mar shampla, rothaíocht) agus na buntáistí a bhaineann leo, lena n-áirítear sochair shláinte agus astaíochtaí laghdaithe, plódú agus truailliú torainn. Beidh gá le haistriú cóiracha i dtreo taistil phoiblí agus ghníomhaigh, agus dícharbónúchán mótarfheithiclí na hÉireann, le go mbeidh Éire n ann ar gcuspóirí náisiúnta gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

D'aithin an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS, 2021) imbhuailtí tráchtá ar bhóithre mar phríomhchúis bháis agus mhíchumais dhomhanda. Ní in Éirinn amháin a fheictear na costais arda sin. De bharr iarrachtaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ámh, ní raibh an bonn fianaise maidir leis an eolaíocht taobh thiar den tsábháilteacht ar bhóithre níos láidre riamh. Tá a fhios againn anois gur féidir formhór mór na n-imbhuailtí tráchtá ar bhóithre a chosc agus gur féidir linn déine na n-imbhuailtí a laghdú, dá dtarlóidís. Is féidir, agus is gá, na costais dhoghlactha seo a dhíchur ón tsochaí.




Déantar meastachán ar an gceann caol de go raibh an geilleagar €1.29 billiún ní ba mheasa as in 2019 de dheasca imbhuailtí tráchtá ar bhóithre in Éirinn.

Feidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann

Ghlac Éire cur chuige straitéiseach ar dtús maidir le bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre thiar in 1998. Ó shin i leith, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le torthaí úsáideoirí bóithre a fheabhsú in Éirinn, go háirithe maidir le básanna a laghdú (féach Fíor 2.1).

Agus iniúchadh á dhéanamh ar na staitisticí maidir le básanna de bharr imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha le linn saolré na straitéise 2013-2020, áfach, is léir go bhfuil scóip ann fós chun feabhsuithe suntasacha a dhéanamh amach anseo.




Fíor 2.1 Básanna úsáideoirí bóthair in 1959-2020




Básanna úsáideoirí bóthair

Mar a thaispeántar i bhFíor 2.1, tá treocht fhadtéarmach ag Éirinn maidir le básmhaireacht a laghdú ó na 1970idí i leith. Cé nár baineadh amach an sprioc faoi straitéis 2013-2020 chun básanna a laghdú ó 162 in 2012 go 124 (25 in aghaidh an mhilliúin daonra) nó níos lú in 2020, tháinig laghdú 9% ar bhásanna foriomlána le linn na tréimhse seo (féach Fíor 2.2).⁶



Fíor 2.2 Básanna úsáideoirí bóthair, 2012-2020

Idir 2013 agus 2020,
bhí **1,303** bás ann




Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do dhul chun cinn na hÉireann maidir le básanna a laghdú le deich mbliana anuas, agus bronnadh Gradam Innéacs Feidhmíochta Sábháilteachta ar Bhóithre (PIN) ETSC uirthi in 2019 mar aitheantas dó sin. Idir 2012 agus 2019, d'aistríomar ón gcúigiú tír is ísle go dtí an dara tír is ísle maidir le básanna ar bhóithre in aghaidh an mhilliúin daonra laistigh den AE-28. Is dúshlán suntasach náisiúnta é, áfach, ár rátaí básmhaireachta a laghdú a thuilleadh chun ailíniú leis na tíortha is fearr feidhmíochta, amhail an Iorua agus an tSualainn, agus feabhas a chur orthu.

Go háirithe, cé go ndearnadh dul chun cinn maith maidir le básanna úsáideoirí gluaisteán a laghdú le linn na tréimhse 2013-2020, tugadh faoi deara athrú níos lú i mbásanna rothaithe, coisithe, gluaisrothaithe agus úsáideoirí eile bóithre, treochtaí atá doiciméadaithe go hidirnáisiúnta freisin (ETSC, 2020a). Beidh bearta lena dtabharfar aghaidh ar threochtaí den sórt sin mar phríomhfhócas le straitéis 2021-2030 agus mar thosaíocht bhunúsach maidir le sábháilteacht ar bhóithre amach anseo.

Treisítear leis seo an tábhacht a bhaineann le cur chuige bunathraithe a ghlacadh maidir le beartas, cleachtas agus rialachas sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn le linn straitéis 2021-2030, d'fhonn na sprioclaghduithe uailmhianacha atá leagtha amach i gCuid a Cúig a bhaint amach.

Idir 2013 agus 2020,
3 bhás fhireanna in aghaidh gach báis bhaininn



Aoisghrúpaí

0-14 bl	4%
15-24 bl	18%
25-34 bl	19%
35-44 bl	14%
45-54 bl	12%
55-64 bl	11%
65+ bl	23%

I measc na mbásanna úsáideoirí bóthair idir 2013 agus 2020...



27%

an céatadán a fuair bás ar **bhóithre uirbeacha** (≤ 60 km/h)

73%


an céatadán a fuair bás ar **bhóithre tuaithe** (≥ 80 km/h)



Gortuithe tromchúiseacha

Ba dhúshlán suntasach go hidirnáisiúnta é gortuithe tromchúiseacha a laghdú (ETSC, 2020c). Fuarthas an sprioc i straitéis 2013–2020 líon na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú ó 472 thiar in 2011 chuig 330 (61 in aghaidh an mhilliúin daonra) nó níos lú faoi 2020.⁷

Faoi mar a fheictear i bhFíor 2.3 thíos, níor baineadh an sprioc sin amach. Déanta na fírinne, ó 2014 i leith, tá méadú seasta tagtha ar líon na ndaoine a gortaíodh go dona in imbhualtí tráchta ar bhóithre in Éirinn gach bliain, seachas 2020.⁸



Fíor 2.3 Gortuithe tromchúiseacha, 2011–2020

Mar sin féin, níl na figiúirí do ghortuithe tromchúiseacha ó 2014 ar aghaidh inchoimparáide le blianta roimhe seo mar gheall ar athrú ar an mbealach a fhaigheann an ÚSB sonraí imbhualtí ó AGS (féach ÚSB, 2016, Aguisín: Nóta Modheolaíoch). Is dócha gur chuir an t-athrú seo figiúirí níos cruinne ar fáil maidir le minicíocht gortuithe tromchúiseacha a tharla in imbhualtí in Éirinn.

Is dúshlán idirnáisiúnta fós é catagóiriú agus tuairisciú cruinn ar na figiúirí díobhála tromchúisí, agus tá saothar ar siúl go fóill ar fud na hEorpa chun na sonraí seo a fheabhsú (An Fhaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre [ERSO], 2018a). Beidh sé mar phríomhthosaíocht in Éirinn amach anseo feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid sonraí díobhála tromchúisí a fheabhsú agus a chatagóiriú (m.sh., sainmhíniú míochaine a úsáid agus sonraí ospidéal a cheistiú) agus an chaoi a rachaimid i ngleic leis seo maidir leis an treocht atá ag méadú.

Tugtar forbheathnú ar na gortuithe tromchúiseacha a tharla in 2019 thall.



1,367

**drochghortú
in 2019**

10 ndrochghortú
in aghaidh
an bháis

Inscne

66% FIR

34% MNÁ




CÓIMHEAS 2:1

Aoisghrúpaí

0-14 bl	7%
15-24 bl	18%
25-34 bl	18%
35-44 bl	16%
45-54 bl	14%
55-64 bl	11%
65+ bl	14%

Gortuithe tromchúiseacha de réir úsáideoirí bóthair in 2019



54%

Bóithre Uirbeacha
(≥ 60 km/h)

46%

Bóithre Tuaithe
(≥ 80 km/h)



D'fhéadfadh sé nach suimeofaí na figiúirí chuig 100% de bharr slánú na gcéatadán.

Iompraíocht chontúirteach

Is eol dúinn go ngintear go leor imbhuailtí tráchta ar bhóithre in Éirinn mar thoradh ar ghrúpa iompraíochta contúirtí, lena n-áirítear tiomáint faoi mheisce nó faoi thionchar drugaí, tiomáint ar luas iomarcach agus tiomáint faoi thuirse nó ar seachrán airde (m.sh., mar gheall ar úsáid fón póca).

Is eol dúinn freisin má tharlaíonn imbhuailtí tráchta ar bhóthar, is féidir leis an leibhéal díobhála a bheith níos measa mar gheall ar neamh-chaitheamh criosanna sábhála nó clogad. Tá na hiompraíochtaí contúirteacha seo aitheanta go hidirnáisiúnta mar phríomhthosca rannpháirteacha d'imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus déine díobhála (EDS, 2018).

Tosca rannpháirteacha i mbásanna úsáideoirí bóthair

Luas



Bhí

25%

de na tiománaithe a maraíodh (2013-2017) ag sárú an luais shábháilte ⁹

Tiomáint faoi mheisce



Braitheadh alcól i gcóras

36%

de na tiománaithe a maraíodh (2013-2017)¹⁰

Criosanna sábháilteachta

26%

Ní raibh crios sábhála á chaitheamh ag 26% de na húsáideoirí cairr a maraíodh idir 2013 agus 2020

Léirítear san iompraíocht sin roghanna d'aon ghnó a dhéanann úsáideoirí bóthair. Mar sin, is féidir iad sin a laghdú agus deireadh a chur leo trí dhearcadh, cinnteoireacht agus ghníomhartha an phobail agus an duine aonair a athrú. Mar úsáideoirí bóthair tá freagracht phearsanta orainn go léir roghanna sábháilte a dhéanamh nuair a ghabhaimid seilbh ar an roth, nuair a théimid chun siúlóide, nó dul ar rothar, agus na bóithre a roinnt go sábháilte. Is uirlis ríthábhachtach é forfheidhmiú fianaise-bhunaithe, go háirithe sa chás go bhfuil sé seo sofheicthe, dothuartha agus forleathan, chun an iompraíocht chontúirteach sin a chosc.

Príomhfhócas de straitéis 2013-2020 ab ea aghaidh a thabhairt ar an iompraíocht chontúirteach sin agus í a laghdú trí raon gníomhaíochtaí oideachais, feasachta agus forfheidhmithe a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta, tá roinnt treochtaí agus leibhéal arda rannpháirtíochta (m.sh. maidir le luas) fós ann le blianta beaga anuas.

Taighde breathnóireachta agus suirbhéireachta

Luas a breathnaíodh in 2018¹¹

52%

de thiománaithe cairr ar
Bhóithre Uirbeacha
(≤ 60 km/h)



27%

de thiománaithe cairr ar
Bhóithre Tuaithe
(≥ 80 km/h)



D'fhonn dul i ngleic leis an iompraíocht sin agus deireadh a chur leo le linn na straitéise 2021-2030, ní mór dúinn cur chuige bunathraithe a ghlacadh maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Ciallaíonn sé seo go leanfar ar aghaidh lenár n-idirghabhálacha dea-chleachtais ach freisin ár ngníomhaíochtaí a leathnú agus a neartú thar na cuir chuige thraidisiúnta don tsábháilteacht ar bhóithre (m.sh., fócas níos mó ar bhonneagar sábháilte agus ar fhreagairt iarthimpiste). Ciallaíonn sé freisin go ndéanfar nuáil inár gcur chuige do rialachas na sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn agus sa chaoi a ndéanaimid tionchar ár ngníomhaíochtaí a sholáthar agus a ndéanaimid faireachán orthu.

Úsáid fón póca le linn tiomána in 2018¹²

Tuairiscíonn

14%

de thiománaithe go n-úsáideann siad fón póca le labhairt, téacsáil nó aipeanna a sheiceáil in amanna ar a laghad

Tuirse Tiománaí¹³

Tá baint ag an tuirse le

10-20%

d'imbhuaití tráchta ar bhóithre




3.

**An chaoi ar
fhorbraíomar an
straitéis**

Chun Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais 2021–2030 a léiriú, chuaigh an ÚSB i mbun próiseas fairsing forbartha i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara.

Is éard a bhí i gceist leis an bpróiseas forbartha sin sraith cuir chuige dea-chleachtais a ghlacadh, mar shampla RSMCR a reáchtáil agus próisis chomhairliúcháin dhoimhne phoiblí agus le páirtithe leasmhara mar a leagtar amach i bhFíor 3.1. Tá tuairiscí maidir leis an meastóireacht ar Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2013-2020, lena n-áirítear an próiseas comhairliúcháin poiblí ar líne, ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSB.



Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Bhí ról lárnach ag páirtithe leasmhara i ngach gné den phróiseas forbartha straitéise. Ní féidir luach a chur ar a dtiomantas agus dá ndíograis don straitéis seo, agus chun sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn a fheabhsú, agus léirítear é sin sa chur chuige bunathraithe nuálach a forbraíodh le haghaidh 2021–2030.

I dteannta leis an gcomhairliúchán fairsing seo le páirtithe leasmhara, tugadh na comhpháirteanna forbartha straitéise seo a leanas chun críche.



Athbheithniú idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas

Rinneadh athbheithniú idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas i straitéisí agus i mbainistíocht sábháilteachta ar bhóithre, lenar cuimsíodh comparáid agus tarraingt ó chur chuige straitéiseach tíortha ardfheidhmíochta amhail an Iorua agus an tSualainn.

Athbheithniú ar acmhainneacht bainistíochta sábháilteachta ar bhóithre

Ba chun Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre (2013–2020) na hÉireann roimhe seo a mheas agus foghlaim uaihi, agus chun tosaíochtaí do 2021–2030 a shainiú, a críochnaíodh RSMCR. Is cur chuige dea-chleachtas é seo a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le hathbheithniú agus foirmlíú straitéise sábháilteachta ar bhóithre, arna chéadforbairt ag an mBanc Domhanda (Breen et al., 2018). Bhí rannpháirteachas fairsing ag an bpróiseas le príomhpháirtithe leasmhara in Éirinn, lenar áiríodh anailís ar aighneachtaí comhairliúcháin i scríbhinn, cruinnithe déthaobhacha agus rannpháirtíocht i sraith ceardlann. Tá liosta de na páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa phróiseas RSMCR le fáil in Aguisín a Trí.

Meastóireacht ar phlean gníomhaíochta 2013-2020

Rinneadh meastóireacht dhomhain ar phlean gníomhaíochta straitéise 2013-2020, inar scrúdaíodh an dul chun cinn atá déanta agus na tionchair ar tsábháilteacht bóthair ó ghníomhartha na straitéise. Aithníodh sa phróiseas seo gníomhartha éifeachtacha do straitéis 2021-2030 chomh maith le haird a tharraingt ar aon dhúshlán nó bacainní a bhíonn ann thar ghníomhartha nach bhfuil chomh rathúil.

Scrúdú ar shonraí imbhuailtí

Rinneadh scrúdú ar shonraí imbhuailtí tráchta ar bhóithre le linn na tréimhse 2013-2020, chun feidhmíocht straitéis 2013-2020 a mheastóireacht a thuilleadh agus chun treochothaí agus tosaíochtaí imbhuailte, básmaireachta agus díobhála do straitéis 2021-2030 a shainiú.

Comhairliúchán poiblí ar líne

Ba phríomhthosaíocht é tuairimí agus moltaí eagraíochtaí in Éirinn agus daoine de phobal na hÉireann a ionchorprú agus straitéis 2021–2030 á forbairt. Tugadh cuireadh oscailte d'aighneachtaí trí chomhairliúchán poiblí ar líne, a bhí ar fáil le linn Deireadh Fómhair–Samhain 2020. Fuarthas 2,237 freagra gan choinne, lena n-áirítear 2,012 freagra ó dhaoine den phobal - teist shoiléir ar spéis na ndaoine sa tsábháilteacht ar bhóithre in Éirinn. Chuir údaráis áitiúla, grúpaí abhcóideachta sábháilteachta ar bhóithre agus comhlachtaí ionadaíochta eile freagraí isteach freisin.

Comhairliúchán óige

Cuireadh comhairliúchán óige i gcrích freisin, chun aitheantas a thabhairt don tábhacht agus don luach a bhaineann le guthanna daoine óga a áireamh maidir le pleanáil sábháilteachta ar bhóithre, mar a léiríodh le linn an Tríú Comhdháil Aireachta Dhomhanda um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2020 (WHO, 2020a) agus Dearbhú Stócólm ina diaidh sin (Sábháilteacht ar Bhóithre sa tSualainn, 2020). Tugadh cuireadh do mhic léinn i rogha meánscoileanna (san Idirbhliain go príomha) páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpa nó a dtuairimí a chur isteach, trí aighneacht i scríbhinn óna múinteoir, chuig an ÚSB.

Forbairt phlean gníomhaíochta

Mar bheart leantach ar chríochnú na ngníomhaíochtaí forbartha seo, agus i bhfianaise torthaí na bpróiseas éagsúil a bhaineann le meastóireacht, tugadh cuireadh do phríomhpháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i bhforbairt an phlean gníomhaíochta. Nuair a bhí gníomhartha a ngníomhaireachtaí don straitéis beartaithe, ghlac na páirtithe leasmhara páirt i bpróiseas athbhreithnithe atriallach, lena áiríodh freastal ar chruinnithe déthaobhacha agus páirt a ghlacadh i gceardlanna, agus ansin a gcuid gníomhartha a thabhairt chun críche.

Léiríodh sna haighneachtaí mionsonraithe agus sna leibhéil arda rannpháirtíochta ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann do spriocanna agus gníomhaíochtaí uailmhianacha sábháilteachta ar bhóithre chun torthaí sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn a fheabhsú a thuilleadh.



4.

**An méid a insíonn ár
meastóireacht dúinn**

Faoi mar a thuairiscítear i Roinn a Trí, tugadh faoi bhailiúchán cuimsitheach saothair chun Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2013-2020 a mheastóireacht, mar shampla AABS a chomhlánú agus meastóireacht ar phlean gníomhaíochta straitéise 2013-2020.

Tháinig sraith téamaí agus moltaí coitianta chun cinn ar fud na gcomhphárteanna meastóireachta, agus tugtar achoimre orthu sin thíos. Tá tuairiscí maidir le torthaí na meastóireachta ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSB.



Ár gcur chuige

I bhfianaise ár laghdú 9% ar fhigiúirí básmhaireachta le linn 2013-2020, sainaitníodh glacadh le cur chuige bunathraithe maidir le beartas, cleachtas agus rialachas sábháilteachta ar bhóithre mar bheart riachtanach chun laghdúithe suntasacha básmhaireachta agus gortuithe tromchúiseacha a bhaint amach in Éirinn faoi 2030. Cur chuige iomlánaíoch Córais Shábháilte a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre agus ár spriocanna básanna agus gortuithe tromchúiseacha 2030 a ailíniú le spriocanna an Aontais Eorpaigh agus na Náisiúin Aontaithe mar an cur chuige dea-chleachtas optamúil. Ar an gcaoi chéanna, cinneadh tiomantas a thabhairt d'fhaireachán a dhéanamh ar ár ndul chun cinn maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach le TFTanna mar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

Rialachas

Sainaitníodh freisin an gá le struchtúr rialachais nuálaíoch agus le hoibriú comhpháirtíochta i measc ár bpríomhpháirtithe leasmhara a bheith ríthábhachtach chun rath chur chuige an Chórais Shábháilte agus ár n-idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre a chinntiú. Ar an gcaoi chéanna, aithníodh go raibh ról ríthábhachtach ag soláthar maoiniú tiomnaithe agus acmhainní atá riachtanach chun gníomhartha straitéise 2021-2030 a chur i gcrích (m.sh., chun an tsraith gníomhartha forbartha bonneagair a chur i gcrích) chun ár spriocanna straitéise a bhaint amach.

Sonraí agus monatóireacht

Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le monatóireacht agus meastóireacht leanúnach ar an tsábháilteacht ar bhóithre le linn an phróisis meastóireachta, agus an tábhacht a bhaineann le bailiú agus comhroinnt thráthúil sonraí a chinntiú chun bonn fianaise sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann a threorú. Braithfidh cur i bhfeidhm rathúil na n-idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre le linn 2021-2030 ar rochtain ar na sonraí ábhartha (m.sh., sonraí imbhualtí agus forfheidhmithe) chun a ndearadh a threorú, a bhfeidhmíocht a mheastóireacht agus, más gá, an fhianaise a sholáthar chun iad seo a leasú agus a fheabhsú.

Is próiseas dúshlánach a bheidh ann comhroinnt agus rochtain sonraí thráthúil a áirithiú thar na príomhpháirtithe leasmhara go léir maidir le meastóireachtaí idirghabhála rialta, go háirithe i bhfianaise na gceanglas cosanta sonraí atá ann faoi láthair agus amach anseo. Ina theannta sin, aithníodh go gcaithfear bealaí nua a fhorbairt chun athróa sábháilteachta bóthair níos casta a thomhas (m.sh. básanna agus gortuithe a bhaineann leis an obair, tuirse tiománaithe agus seachrán airde).

Forfheidhmiú

D'aithin raon páirtithe leasmhara agus fianaise taighde idirnáisiúnta forfheidhmiú sofheicthe, fianaise-bhunaithe (lena n-áirítear forfheidhmiú uathoibrithe, mar cheamaraí sábháilteachta) mar bhealach tábhachtach agus éifeachtach chun comhlíonadh an phobail le reachtaíocht tráchta tarrthála a mhéadú agus iompraíocht chontúirteach úsáideoirí bóthair a chosc.

Beidh tionchar mór ag leibhéil mhéadaithe forfheidhmithe spriocdhírithé, i gcás ina bhfaigheann na dlíthe tráchta sáraitheacha sin smachtbhannaí tapa agus iomchuí, ar ár gcumas ár spriocanna 2030 agus ár gcuspóir deiridh Fhís an Nialais a bhaint amach. Ag teacht leis sin, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé an reachtaíocht sábháilteachta bóthair atá ann cheana a chomhdhlúthú, agus forbairt thráthúil na reachtaíochta nua tráchta ar bhóithre de réir mar is gá.

Innealtóireacht

Deimhníodh ról lárnach na n-idirghabhálacha innealtóireachta maidir le básanna úsáideoirí bóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go héifeachtach leis an líon gníomhartha straitéise a bhaineann le hinnealtóireacht 2013-2020 a measadh de bheith an-éifeachtach. Tarraingíodh aird ar infheistíocht bhreise i bhforbairt fhorleathan agus i gcur i bhfeidhm bonneagair mhaitigh (.i. tionchar imbhuailte a ioslaghú) agus fhéinmhínithigh (.i. sothuigthe agus so-úsáidte) mar ghné rithábhachtach chun sábháilteacht a fheabhsú, mar aon le bonneagar deighilte a sholáthar do rothaithe agus do choisithe, agus cothabháil bóithre agus cosán.

Inbhuanaitheacht

Aithníodh freisin go mbeadh sábháilteacht ar bhóithre agus feabhsuithe sláinte níos leithne ann faoi 2030 mar thoradh ar an méadú ar thaisteal inbhuanaithe náisiúnta (in éineacht leis an mbonneagar is gá chun tacú leis seo go sábháilte). Tá sé seo ábhartha go háirithe toisc go gcuirtear modhanna taistil níos inbhuanaithe agus níos gníomhaí chun cinn (m.sh. siúlóid agus rotháocht) chun cinn chun ailíniú le haidhmeanna riachtanacha um ghníomhú ar son na haeráide, de réir mar a thagann córacha nua iompair chun cinn nó de réir mar a bhíonn tóir orthu (m.sh., scútair leictreacha) agus mar a leanann ár bpatrúin taistil ag claochlú agus ag athrú mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Beidh soláthar bonneagair shábháilte (m.sh. rothaithe a dheighilt ó mhótarfheithiclí sa trácht) rithábhachtach chun a chinntiú go mbeidh sábháilteacht i réim in éineacht le hathruithe den sórt sin le linn 2021-2030.

Luas

Aithníodh le linn an phróisis meastóireachta na buntáistí suntasacha sábháilteachta a bhaineann le comhlíonadh na dteorainneacha luais iomchuí ar fud ár líonra bóithre agus cur i bhfeidhm níos forleithne criosanna 30 ksu i gceantair uirbeacha. Go háirithe, cé gur taifeadadh leibhéil chomhlíontachta den scoth i gcriosanna ina mbíonn ceamaraí luais nó veaineanna i láthair, lean an luas ar bhóithre na hÉireann ar aghaidh trí chéile le linn straitéis 2013-2020 (ÚSB, 2018). Ní mór dúinn dearcaí i leith luais a athrú agus bogadh ó chultúr comhlíontachta luais sna ceantair ina mbíonn ceamaraí luais nó veaineanna i láthair, go cultúr uileghabhálach den chomhlíonadh deonach agus comhréireacht le luasteorainneacha.

Iompraíocht chontúirteach

Ba léir freisin ón bhfianaise a ndearnadh iniúchadh uirthi, lena n-áirítear i gcomhthéacs na tiomána le haghaidh na hoibre, go raibh gá ann leanúint ar aghaidh ag díriú ar iompraíocht chontúirteach tiománaí i gcoitinne, cosúil

Beidh tionchar mór ag leibhéil méadaithe den fhorfheidhmiú spriocdhírithé ar ár gcumas ár spriocanna 2030 agus ár gcuspóir deiridh Fhís an Nialais a bhaint amach.





leis an tiomáint faoi mheisce nó faoi thionchar drugaí, an tiomáint faoi thuirse agus ar seachrán airde. Tá fianaise ann i leith go leor den iompraíochta chontúirteach sin gur dheacair aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon le deich mbliana anuas. Beidh nuálaíocht shuntasach de dhíth chun idirghabhálacha a dheardh leis an iompraíochta sin a chosc go rathúil, agus le deireadh a chur le hathchiontú i measc ciontóirí tráchta.

Oideachas

Ag teacht leis sin, leag príomhpháirtithe leasmhara béim ar luach bunúsach an oideachais, na hoiliúna agus na feasachta maidir le sábháilteachta ar bhóithre le linn an phróisis meastóireachta. Tá sé riachtanach feacht agus tuiscint a mhéadú maidir leis na rioscaí a bhaineann le hiompraíocht chontúirteach áirithe (m.sh., luas) agus an fáth a mbaineann tábhacht lenár n-idirghabhálacha chun dearcaí a athrú, chun athrú dearfach iompraíochta a spreagadh agus chun cultúr sábháilteachta ar bhóithre níos fearr a chruthú in Éirinn. Bhí an gá le díriú ar an mbóthar a chomhroinnt go sábháilte, úsáid bóthair a bhaineann le hobair a fheabhsú agus an próiseas ceadúnaithe tiománaithe a fheabhsú i measc na bpríomhchéimeanna a sainithníodh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Teicneolaíocht

Ar an gcaoi chéanna, suíodh na buntáistí a bhaineann le glacadh le teicneolaíochtaí nua tarrthála (amhail cúnamh luais chliste [CLC]) le haghaidh tiomána níos sábháilte agus feithiclí níos sábháilte le haghaidh taistil phearsanta, oibre agus phoiblí. Mar sin féin, is ceist chasta fós í forbairt

leanúnach na dteicneolaíochta infheithicle (m.sh. córais faisnéise siamsúla) agus teicneolaíochtaí eile (m.sh. feistí cumarsáide atá ag éirí níos airde) a chothromú lena n-acmhainneacht chun seachrán airde úsáideoirí bóthair a mhéadú, agus is dúshlán fós é an glacadh agus tacaíocht náisiúnta do theicneolaíochtaí tarrthála amhail CLC a mhéadú. Ag teacht leis seo, aithníodh gur cúram casta agus bunriachtanach é pleanáil le haghaidh imscaradh CAM (.i. feithiclí féintiomána) in Éirinn de réir mar a athraíonn agus a fhorbraíonn an réimse seo go gasta.

Aithníodh freisin go bhfuil cur chun cinn feithiclí leictreacha agus soláthar na saoráidí luchtaithe riachtanacha dá n-úsáid tábhachtach ó thaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide agus sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú. Is gnách go mbíonn teicneolaíochtaí sábháilteachta níos nua-aimseartha suiteáilte ag na feithiclí nua seo.

Freagairt iarthimpiste

Sainithníodh feabhas a chur ar fhreagairt iarthimpiste na hÉireann, lena n-áirítear cóireáil do thaismigh imbhuailtí agus seirbhísí athshlánaithe, agus tacaíocht a sholáthar dá dteaghlaigh agus dá ndaoine muinteartha, chun torthaí úsáideoirí bóithre a fheabhsú. Go háirithe, aibhsíodh an gá le tiomantas náisiúnta chun an Córas Tráma d'Éirinn beartaithe (An Grúpa Stiútha Tráma, 2018) a chistiú agus a chur i bhfeidhm mar rud atá bunriachtanach chun freagairt iarthuariteála agus torthaí taismeach in Éirinn a fheabhsú, mar aon leis an tábhacht a bhaineann le baill teaghlaigh agus daoine muinteartha a chur ar an eolas agus tacaíocht a thabhairt dóibh le linn an phróisis imscrúdaithe iar-imbhuailte.

Gortuithe tromchúiseacha

Aithníodh freisin go raibh an dul chun cinn le linn straitéis 2013-2020 teoranta i ndáil le tomhas agus catagóirí gortuithe tromchúiseacha i sonraí imbhualtí tráchta ar bhóithre a fheabhsú. Is cúram dúshlánach ach ríthábhachtach é tosaíocht a bheartú do shainmhíniú míochaine ar ghortuithe tromchúiseacha a ghlacadh agus foinsí sonraí díobhálacha tromchúiseacha eile a ionchorprú (m.sh., sonraí ospidéal) le linn 2021-2030. Ar a sheal féin, cuirfidh sé seo leis an bhfianaise a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoinár n-idirghabhálacha spriocdhírthe díobhála tromchúisí agus freagairt iar-thimpiste, a chuirfear i bhfeidhm ansin chun ár laghdú 50% a bhaint amach faoi 2030.



Ailíniú le cuspóirí beartais eile

Ar deireadh, aithníodh gur le hailíniú ár mbeartas sábháilteachta ar bhóithre le príomhchuspóirí rialtais agus idirnáisiúnta eile a áirithiú a chuirfear a thuilleadh leis an tiomantas do straitéis 2021-2030 agus do ghnóthú ár spriocanna. Mar thoradh ar luasanna feithiclí a laghdú, mar shampla, beidh buntáistí suntasacha sábháilteachta ann chomh maith le hastaíochtaí agus truailliú torainn a laghdú agus sreabhadh tráchta ar ár mbóithre a fheabhsú – b'fhéidir go spreagfadh gach ceann acu leibhéal níos mó den taisteal gníomhach freisin.

Ó dhearcadh náisiúnta de, áirítear ar bheartais den sórt sin Clár 2020 don Rialtas (Roinn an Taoisigh, 2020), an Creat Infheistíochta Náisiúnta um Iompar in Éirinn (NIFTI) (An Roinn Iompair [RI], 2021a), Córas Tráma d'Éirinn (An Grúpa Stiúrtha Tráma, 2018), Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021 (An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2021), agus Plean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire na Sláinte 2021 (Éire na Sláinte, 2021). I measc na bpríomhbheartais idirnáisiúnta tá Creat Beartais Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais Eorpaigh 2021-2030 (An Coimisiún Eorpach [CE], 2020b), Plean Domhanda EDS agus na Náisiún Aontaithe don dara deich mbliana gníomhaíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre (2021-2030; EDS, 2020b), Rialachán Ginearálta Sábháilteachta an Aontais Eorpaigh (RGS AE; an tAontas Eorpach, 2019), Dearbhú Stócólm 2020 (Sábháilteacht ar Bhóithre sa tSualainn, 2020) agus Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste 2020 (CE, 2020a), i measc nithe eile.

Cé go bhfuil níos mó sonraí faoi thorthaí meastóireachta straitéise 2013-2020 ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSB, léiríonn na téamaí ardleibhéal seo go soiléir na príomhréimsí fócais a bheidh riachtanach do straitéis 2021-2030. Ailíníonn siad go láidir freisin leis na réimsí idirghabhála tosaíochta de chur chuige iomlánaíoch an Chórais Shábháilte, a ndéantar cur síos mionsonraithe orthu sna hailt seo a leanas (5 agus 6).

5.

Cur chuige straitéiseach, creat agus spriocanna

Chuir torthaí an phróisis meastóireachta agus forbartha straitéise tacaíocht chomhsheasmhach ar fáil chun straitéis 2021–2030 a chumadh i gcomhréir le cur chuige an Chórais Shábháilte i leith bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre.

Cur chuige straitéiseach

Tá cur chuige an Chórais Shábháilte aitheanta go hidirnáisiúnta ag príomheagraíochtaí sábháilteachta mar an EDS (nd), na Náisiúin Aontaithe (2018), an CE (2020b) agus an ITF (2016) mar an cur chuige optamúil dea-chleachtas chun laghdúithe uailmhianacha a bhaint amach i mbásanna úsáideoirí bóthair agus gortuithe tromchúiseacha.

Is obair idir lámha é cur chuige an Chórais Shábháilte i go leor de na tíortha is fearr feidhmíochta maidir le sábháilteacht ar bhóithre, amhail an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe, agus Éire san áireamh, mar a raibh sé mar chuid de Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2013-2020. Ba í fócas straitéis 2013-2020 ‘bogadh i dtreo’ chur chuige an Chórais Shábháilte agus leabófar le straitéis 2021-2030 cur chuige an Chórais Shábháilte go foirmiúil i mbeartas agus i gcleachtas náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre.

Tá cur chuige an Chórais Shábháilte bunaithe ar cheithre phrionsabal (ITF, 2016):

Déanann daoine botúin nuair a úsáideann siad na bóithre, ónar féidir imbhuailtí teacht.

Tá **cumas teoranta** i gcorp an duine chun tuairteanna ó imbhuailtí a fhulaingt.

Tá **freagracht chomhroinnte** orthu siúd a dhearann, a thógann, a bhainistíonn agus a úsáideann na bóithre agus na feithiclí chun tuairteanna ó imbhuailtí a chosc nó a laghdú, agus orthu siúd a chuireann freagairt iarthimpiste ar fáil chun díobháil a mhaolú.

Is gá gach cuid den chóras tráchta a neartú chun a n-éifeacht a iolrú agus chun a chinntiú go gcosnaítear úsáideoirí bóithre má theipeann ar chuid amháin den chóras.

Aithnítear i gcur chuige an Chórais Shábháilte cé gur féidir bás agus gortú tromchúiseach a chosc tríd an gcóras tráchta a neartú, ní féidir linn deireadh a chur go hiomlán le himbhuailtí tráchta ar bhóithre riamh toisc go mbeidh méid áirithe earráide daonna ag cur leo sin i gcónaí. Pléadh cheana i gCuid 2 rannchuidiú na dtosca iompraíochta (mar shampla tiomáint ar meisce) le himbhuailtí tráchta ar bhóithre in Éirinn.

Léiríodh sa taighde idirnáisiúnta go dtagann cion mór d’imbhuailtí tráchta ar bhóithre aníos mar gheall ar earráidí aireachtála nó breithiúnais ag úsáideoirí bóthair ar comhlíontach ar gach bealach eile iad (ITF, 2016). Nuair a tharlaíonn imbhuailtí, bíonn corp an duine i mbaol ó bhás nó ó ghortú. I bhfianaise an mhéid sin, caithfimid ár mbonneagar, feithiclí agus luasanna a bhainistiú

chun tuairteanna imbhuailte a laghdú chuig leibhéal mharthanacha. Ní mór dúinn freagairt leighis éigeandála éifeachtach agus cúram tráma a sholáthar chun iarmhairtí díobhála a laghdú, agus caithfimid leanúint ar aghaidh ag cabhrú le húsáideoirí bóithre an reachtaíocht sábháilteachta ar bhóithre a chomhlíonadh agus na bóithre a chomhroinnt go sábháilte. Sin an bunú le cur chuige onghníomhach an Chórais Shábháilte.


Is tríd an nglacadh le cur chuige an Chórais Shábháilte agus trína leabú go hiomlán ar fud comhphárteanna uile an chórais tráchta a ligfear dúinn ár mbeartas agus ár gcleachtas a chlaochlú thar na hidirghabhálacha traidisiúnta sábháilteachta ar bhóithre agus laghdúithe níos mó a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha ná riamh.

Is iad príomhréimsí idirghabhála tosaíochta den Chóras Sábháilte:

- bóithre agus taobhanna bóthair atá sábháilte;
- luasanna sábháilte;
- feithiclí sábháilte;
- úsáid shábháilte na mbóithre;
- freagairt iarthimpiste.

I bhfianaise ról tábhachtach an taistil ghníomhaigh inbhuanaithe maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus na buntáistí suntasacha sábháilteachta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a bhaineann le hobair a tháinig chun cinn le linn an phróisis forbartha straitéise, tá dhá réimse tosaíochta bhreise san áireamh freisin do straitéis 2021–2030 (Fíor 5.1 thíos):

- modhanna taistil sábháilte agus sláintiúla;
- úsáid shábháilte bóithre a bhaineann leis an obair.



Fíor 5.1 Cur chuige leathnaithe an Chórais Shábháilte do straitéis 2021–2030, arna oiriúnú ó shamhail Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2020 na hAstráile Theas

Aidhm fhadtéarmach na hÉireann Fís an Nialais a bhaint amach faoi 2050, agus sraith spriocanna eatramhacha chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú faoi 2030; is leosan a spreagtar ár gcur chuige maidir le Córas Sábháilte, agus iad mar bhonn faoinár straitéis 2021–2030. Laistigh dár gcreat agus dár gcur chuige tá pleananna gníomhaíochta céimnithe.

Pleananna gníomhaíochta céimnithe

Príomhthosaíocht do straitéis 2021–2030 is ea a chinntiú go leanann na hidirghabhálacha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar de bheith éifeachtach agus go gcuimsítear leo na nuálaíochtaí agus na forbairtí is déanaí sa réimse sábháilteachta ar bhóithre. Sna chéad deich mbliana eile amach romhainn feicfead forbairtí suntasacha i gcur i bhfeidhm RSG AE (CE, n.d.) agus i gcur chun cinn CAM (CE, 2021a). Léirigh imeachtaí idirnáisiúnta le déanaí, amhail an Breatimeacht agus an phaindéim COVID-19 an tábhacht a bhaineann le pleanáil sholúbtha is féidir a oiriúnú go héasca agus go héifeachtach más gá.

Mar sin, beidh **trí chéim** i straitéis 2021–2030:

■ Céim a hAon 2021-2024:

■ Céim a Dó 2025-2027:

■ Céim a Trí 2028-2030:

Forbraíodh plean gníomhaíochta Chéim 1 (2021–2024), ina bhfeictear gníomhartha lena dtugtar aghaidh ar sheacht réimse idirghabhála tosaíochta an Chórais Shábháilte, agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an ÚSB. Liostaítear sa phlean an phríomhghníomhaireacht atá freagrach as gach gníomh a chur chun feidhme. Tá na 50 gníomh ardtionchair ó phlean gníomhaíochta Chéim 1 liostaithe i gCuid a Sé seo a leanas, faoi gach ceann de na seacht limistéar Córais Shábháilte.

Forbrófar pleananna gníomhaíochta do Chéim 2 agus do Chéim 3 sna sé mhí dheireanacha den chéim roimhe sin, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna agus TFTanna le linn na céime sin, agus forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar fhios nua.

Cuimseoidh gach plean gníomhaíochta sraith beart ardtionchair lena laghdófar go díreach básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha, agus lena dtacófar le gníomhaíochtaí chun éifeachtacht na ngníomhartha ardtionchair agus sábháilteachta ar bhóithre a fhorlónadh agus a fheabhsú ar bhonn níos leithne.

Spriocanna

Spriocanna Fhís an Nialais

Ag croilár straitéis 2021–2030 tá sé mar aidhm againn Fís an Nialais a bhaint amach in Éirinn faoi 2050. Is aidhm uileghabhálach, idirnáisiúnta, fhadtéarmach í Fís an Nialais atá dírithe ar bhásanna agus gortuithe tromchúiseacha in imbhualtí tráchta ar bhóithre a dhíothú sa deireadh, agus é mar fhócas ní hamháin níos lú básanna ach básanna nialasacha agus gortuithe tromchúiseacha a bhaint amach.

Sa dea-chleachtas, tacaíonn spriocanna faoi theorainn ama agus táscairí feidhmíochta le Fís an Nialais chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú. Úsáidtear na spriocanna agus na táscairí sin ansin chun idirghabhálacha éifeachtacha, il-earnálacha a chur ar fáil trí mheán sásraí seachadta feabhsaithe.

Glacadh Fís an Nialais go foirmiúil i gClár Rialtais na hÉireann i Meitheamh 2020 (Roinn an Taoisigh, 2020) agus is í an sprioc í freisin atá mar bhonn agus taca le Creat Beartais Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais Eorpaigh 2021–2030 ‘Na Chéad Chéimeanna Eile i dTreo Fhís an Nialais’ (CE, 2020b). Ag teacht leo sin, is í sprioc Fhís an Nialais na hÉireann nach marófar nó gortófar duine ar bhóithre na hÉireann faoi 2050.

D’fhonn an sprioc fhadtéarmach sin a bhaint amach agus dul chun cinn ina leith a rianú, ní mór dúinn spriocanna eatramhacha a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí maidir le básanna agus laghduithe gortuithe tromchúiseacha in Éirinn faoi 2030.

Spriocanna straitéise do 2030

Agus é mar aidhm Fís an Nialais a bhaint amach in Éirinn faoi 2050, tá na spriocanna seo a leanas leagtha síos i straitéis 2021–2030, ar aon dul le spriocanna AE agus na Náisiún Aontaithe chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú 50% faoi 2030.¹⁴

Tá meánfhigiúirí 2017–2019 maidir le básanna agus gortuithe tromchúiseacha á n-úsáid mar bhonnlinnte sprice.

Faoi 2030



bainfimid amach **laghdú 50% ar líon na mbásanna** ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 144 go **72 nó níos ísle**



bainfimid amach **laghdú 50% ar líon na ndrochghortuithe** ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 1,259 go **630 nó níos ísle**

Chun na spriocanna uailmhianacha 2030 agus 2050 sin a bhaint amach, beidh gá le cur chuige bunathraithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn lena leabaítear cur chuige an Chórais Shábháilte go hiomlán i mbeartas agus i gcleachtas náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre. Áireofar leis sin cur chuige feabhsaithe i leith rialachais agus obair chomhpháirtíochta le plananna gníomhaíochta saindírithe agus tomhas ar dhul chun cinn.

Táscaire feidhmíochta sábháilteachta

Chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach, ní mór dúinn na sonraí go léir atá ar fáil a úsáid chun ár bhfeidhmíocht sábháilteachta ar bhóithre a mheas go rialta, agus gníomhú go tapa i gcás go dtugann na sonraí le fios go gcaithfidimid tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh. Áiríodh sa straitéis 2013–2020 TFTanna a fheidhmíonn tionchar ar bhás agus gortú tromchúiseach a chosc, lena n-áirítear caitheamh criosanna sábhála agus luas (m.sh. leibhéal na comhlíontachta náisiúnta le luasteorainneacha).

Ag cur leis an obair seo, agus ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, tá SPLanna forbartha againn do straitéis 2021–2030 lena dtomhaistear na buntosca aitheanta chun básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú. Go háirithe, d’fhorbair an tAontas Eorpach tacar príomh-TFTanna sábháilteachta ar bhóithre chun críocha monatóireachta agus comparáide idirnáisiúnta, ag admháil go bhfuil siad seo riachtanach chun a gcuid spriocanna bás agus díobhála tromchúisí 2030 a bhaint amach (CE, 2020b). Tá na TFTanna AE seo san áireamh i TFTanna na hÉireann don straitéis 2021–2030. Mar sin féin, cuimsíonn ár 15 TFT (atá liostaithe in Aguisín a hAon) táscairí breise bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus atá dírithe ar réimsí idirghabhála tosaíochta an Chórais Shábháilte a mbeifear ag díriú orthu i straitéis 2021–2030.

Úsáidfead TFTanna na hÉireann ar bhealach níos onnghníomhaí agus déanfar iad a athbhreithniú le comhpháirtithe seachadta de réir mar a mheastar gá a bheith leis, agus TFTanna malartacha nó breise san áireamh. Déanfar na sonraí sábháilteachta bóithre seo a bhailiú, a cheistiú, a chomhroinnt agus a phlé leis na príomhpháirtithe leasmhara a luaithe a bheidh siad ar fáil agus úsáidfead go gníomhach iad chun idirghabhálacha spriocdhírthe sábháilteachta ar bhóithre a dhearadh nó a nuashonrú ar bhonn rialta.

Cuimsíonn na 15 TFT do straitéis 2021–2030, mar shampla, céatadán na bhfeithiclí atá ag taisteal faoi bhun na luasteorann, an méid bonneagair rothaíochta agus coisithe breise arna bhforbairt, agus céatadán na dtaistealaithe mótarfeithicle a bhfuil crios sábhála orthu. Beidh doiciméad ar leithligh ar fáil ina gcuirfead síos níos mionsonraithe ar na 15 TFT seo ar láithreán gréasáin an ÚSB.

Forbrófar na táscairí don fhreagairt iarthimpiste thar shaolré na straitéis 2021–2030, i gcomhréir le forfheidhmiú na hÉireann ar an gCóras Tráma d’Éirinn (Grúpa Stiúrtha Tráma, 2018).

Spriocanna straitéise do Chéim a hAon

Is ag an straitéis 2021–2030 seo a bheidh an tréimhse is faide do Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid an rialtais go nuige seo. Chun tacú linn a thuilleadh le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre i dtreo ár laghduithe 50% faoi 2030, tá spriocanna eatramhacha leagtha síos againn do Chéim 1 freisin (2021–2024). Bunaithe ar an gclár idirghabhálacha a leagtar amach i bplean gníomhaíochta Chéim a hAon, agus ar threochtaí reatha agus stairiúla, socraíodh na spriocanna seo a leanas.

Faoi 2024



bainfidimid amach **laghdú 15%** ar líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 144 go 122 nó níos ísle



bainfidimid amach **laghdú 10%** ar líon na ndrochghortuithe ar bhóithre na hÉireann, i.e. ó 1,259 go 1,133 nó níos ísle

Socrófar spriocanna eatramhacha ina dhiaidh sin ag brath ar an dul chun cinn a bhainfead amach agus ar na hidirghabhálacha oiriúnaithe atá á ndéanamh mar chuid den chéad phlean gníomhaíochta eile.

6.

Réimsí idirghabhála tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta

Chun na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach againn do 2030 agus 2050 a bhaint amach, caithfear cur chuige bunathraitheach a ghlacadh i leith cleachtas, beartas agus rialachas sábháilteachta ar bhóithre.



Ag forbairt ar an dul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre atá bainte amach go dtí seo, tá Éire ag tosú ar a turas fadtéarmach i dtreo Fhís an Nialais.

Mar a leagtar amach i Roinn 5, tá cur chuige an Chórais Shábháilte aitheanta go hidirnáisiúnta mar an cur chuige is fearr, cur chuige an chleachtais is fearr chun laghdúithe suntasacha a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha i measc úsáideoirí bóithre.

Cé go raibh idirghabhálacha á gcur i bhfeidhm againn cheana féin i gcomhréir le gnéithe de chur chuige an Chórais Shábháilte, ní mór dúinn anois gníomhaíochtaí na hÉireann a leathnú agus a neartú níos mó ná cineálacha cur chuige traidisiúnta sábháilteachta ar bhóithre, lena n-áirítear ár n-obair chomhpháirtíochta a fheabhsú. Ní mór dúinn a chinntiú go dtabharfaimid aghaidh ar gach gné den chóras tráchta ar bhóithre a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht ar bhóithre inár mbeartas agus inár gcleachtas, inár ngníomhaíochtaí oibríochta laethúla agus inár gcumarsáid, ar fud na ngeallsealbhóirí agus na ngníomhaireachtaí go léir.

Is é tosaíocht fhoriomlán straitéis 2021–2030 cur chuige córasach, an chleachtais is fearr agus fianaise-bhunaithe a chinntiú maidir le sábháilteacht ar bhóithre do na deich mbliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin, agus seachadadh agus rialachas nuálach den scoth a chinntiú ar feadh na bpríomhréimsí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht shábháilteachta ar bhóithre. Tugtar breac-chuntas thíos ar na seacht réimse idirghabhála tosaíochta sa Chóras Sábháilte a gcaithfidimid díriú orthu chun é seo a bhaint amach, agus leagtar amach ár gcur chuige i leith seachadadh agus rialachas i Roinn 7.

Tomhaisfear dul chun cinn maidir le gach réimse tosaíochta ar fud na SPInna ábhartha agus nuashonruithe ar dhul chun cinn an phlean gníomhaíochta. Roinnfear tuairisciú ar na SPInna seo go foirmiúil i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara ábhartha, agus úsáidfear torthaí chun dul chun cinn a thagarmharcáil agus gníomhaíocht a thiomáint, lena n-áirítear forbairt phleananna gníomhaíochta Chéim 2 (2025–2027) agus Chéim 3 (2028–2030).



Bóithre agus Taobhanna bóthair sábháilte

Is éard atá i gceist le bóithre agus taobhanna bóthair sábháilte planáil, dearadh agus oibriú bóithre agus taobhanna bóthair agus soláthraíonn sé an creat le haghaidh úsáid shábháilte bóithre agus feithiclí.

